

# Mass for Mission Sunday

## 20<sup>th</sup> October 2024

29<sup>th</sup> Sunday in Ordinary Time, Year B

Mass for the Evangelisation of Peoples [Missal, Page 1182ff]

This is for guidance  
only - please refer to the  
Missal for full texts.

### Entrance Antiphon

Tell among the nations his glory,  
and his wonders among all the peoples,  
for the Lord is great and highly to be praised.  
[Ps. 95:3-4]

### Penitential Act

Lord Jesus, you came to reconcile us to one  
another and to the Father: Lord, have mercy.  
Lord, have mercy.

Lord Jesus you heal the wounds of sin and  
division: Christ, have mercy.  
Christ, have mercy.

Lord Jesus, you intercede for us with your  
Father; Lord, have mercy.  
Lord, have mercy.

May almighty God have mercy on us,  
forgive us our sins and bring us to everlasting  
life.

### Glory to God in the highest ...

#### Collect

O God, whose will it is that all should be saved  
and come to the knowledge of the truth,  
look upon your abundant harvest  
and be pleased to send workers to gather it,  
that the Gospel may be preached to all  
creation  
and that your people, gathered by the word of  
life  
and sustained by the power of the Sacraments,  
may advance in the path of salvation and love.  
Through our Lord Jesus Christ, your Son, who  
lives and reigns with you  
in the unity of the Holy Spirit, one God, for  
ever and ever.

[Readings: Lectionary 1:814]

## LITURGY OF THE WORD

### First Reading

**A reading from the prophet Isaiah [53:10-11]**  
The Lord has been pleased to crush his servant  
with suffering. If he offers his life in atonement,  
he shall see his heirs, he shall have a long life and  
through him what the Lord wishes will be done.  
His soul's anguish over he shall see the light and  
be content. By his sufferings shall my servant  
justify many, taking their faults on himself.

**The word of the Lord.**

### Responsorial Psalm

[Ps 32: 4-5, 18-20, 22; R/. v 22]

**R/. May your love be upon us, O Lord, as we  
place all our hope in you.**

1. The word of the Lord is faithful  
and all his works to be trusted.  
The Lord loves justice and right  
and fills the earth with his love. **R/.**
2. The Lord looks on those who revere him,  
on those who hope in his love,  
to rescue their souls from death,  
to keep them alive in famine. **R/.**
3. Our soul is waiting for the Lord.  
The Lord is our help and our shield.  
May your love be upon us, O Lord,  
as we place all our hope in you. **R/.**

### Second Reading

**A reading from the letter to the Hebrews [4:14-16]**

Since in Jesus, the Son of God, we have the  
supreme high priest who has gone through to  
the highest heaven, we must never let go of the  
faith that we have professed. For it is not as if we  
had a high priest who was incapable of feeling  
our weaknesses with us; but we have one who  
has been tempted in every way that we are,

though he is without sin. Let us be confident, then, in approaching the throne of grace, that we shall have mercy from him and find grace when we are in need of help.

**The word of the Lord.**

### **Gospel Acclamation** [Mark 10:45]

Alleluia, alleluia!

The Son of Man came to serve, and to give his life as a ransom for many.

Alleluia!

### **Gospel**

#### **A reading from the holy Gospel according to Mark [10:35-45]**

James and John, the sons of Zebedee, approached Jesus. 'Master,' they said to him 'we want you to do us a favour.' He said to them, 'What is it you want me to do for you?' They said to him, 'Allow us to sit one at your right hand and the other at your left in your glory.' 'You do not know what you are asking' Jesus said to them. 'Can you drink the cup that I must drink, or be baptised with the baptism with which I must be baptised?' They replied, 'We can.' Jesus said to them, 'The cup that I must drink you shall drink, and with the baptism with which I must be baptised you shall be baptised, but as for seats at my right hand or my left, these are not mine to grant; they belong to those to whom they have been allotted.' When the other ten heard this they began to feel indignant with James and John, so Jesus called them to him and said to them, 'You know that among the pagans their so-called rulers lord it over them, and their great men make their authority felt. This is not to happen among you. No; anyone who wants to become great among you must be your servant, and anyone who wants to be first among you must be slave to all. For the Son of Man himself did not come to be served but to serve, and to give his life as a ransom for many.' **The Gospel of the Lord.**

### **Prayer of the Faithful**

**Celebrant:** The love of Christ gathers us together in communion this Mission Sunday so that we might be renewed in our commitment to bring the Gospel to the ends of the earth and so we pray to our loving Father:

1. We pray for Pope Francis and all the bishops of the world, that they will proclaim the Gospel of Jesus Christ with zeal and compassion and without fear. Lord, hear us. **Lord, graciously hear us.**
2. We pray for all missionaries who live in difficult situations, that they may they never lose heart and always be a sign of hope for those to whom they minister. Lord, hear us. **Lord, graciously hear us.**
3. We pray for those who are suffering today: Lord Jesus, you know our weaknesses and our temptations and you were no stranger to suffering. Strengthen all those who are struggling under heavy burdens. Lord, hear us. **Lord, graciously hear us.**
4. We pray for the sick, the lonely, the elderly and for all who are bereaved. May they find comfort in uniting their suffering with the Risen Christ, "who offered himself as a ransom for all." Lord, hear us. **Lord, graciously hear us.**
5. We pray for God's blessing on our community gathered here and on Christian communities everywhere. May the offering of our prayers and sufferings as well as the support we give World Mission Sunday, help us to fill the earth with God's love. Lord, hear us. **Lord, graciously hear us.**

**Celebrant:** God of love, you sent your Son among us to be the way the truth and the life. Hear our prayers that we may live our lives imitating his ways of justice, truth and compassion. We make this prayer through Christ our Lord. Amen

## **LITURGY OF THE EUCHARIST**

### **Prayer over the Offerings**

Look, O Lord, upon the face of your Christ, who handed himself over as a ransom for all, so that through him, from the rising of the sun to its setting, your name may be exalted among the nations and in every place a single offering may be presented to your majesty. Through Christ our Lord.

## **Preface VII of the Sundays in Ordinary**

**Time** [p 452]

**Celebrant:** The Lord be with you.

And with your spirit.

**Celebrant:** Lift up your hearts.

We lift them up to the Lord.

**Celebrant:** Let us give thanks to the Lord our God.

It is right and just.

It is truly right and just, our duty and our salvation,  
always and everywhere to give you thanks,  
Lord, holy Father, almighty and eternal God.  
For you so loved the world  
that in your mercy you sent us the Redeemer,  
to live like us in all things but sin,  
so that you might love in us what you loved in  
your Son,  
by whose obedience we have been restored to  
those gifts of yours  
that, by sinning, we had lost in disobedience.  
And so, Lord, with all the Angels and Saints,  
we, too, give thanks, as in exultation we  
acclaim:

**Holy, Holy, Holy ...**

**Communion Antiphon** [Mark 16:15]

Go into all the world, and proclaim the Gospel,  
says the Lord.

I am with you always.

## **Prayer after Communion**

Nourished by these redeeming gifts,  
we pray, O Lord,  
that through this help to eternal salvation  
true faith may ever increase.  
Through Christ our Lord.

**Solemn Blessing** [10, Ordinary Time II, p 553]

May the peace of God,  
which surpasses all understanding,  
keep your hearts and minds  
in the knowledge and love of God,  
and of his Son, our Lord Jesus Christ. **Amen.**  
And may the blessing of almighty God,  
the Father, and the Son, and the Holy Spirit,  
come down on you and remain with you for  
ever. **Amen.**



# Aifreann Domhnach na Misean 20 Deireadh Fómhair 2024



An Naoú Domhnach Ficead Saor, Bliain B  
Ar Son Chraobhscaoileadh An tSoiscéil do na Ciníocha  
(Leabhar Aifrinn Rómhánach, pp 1407 ff)

Is féidir an t-aifreann  
seo a úsáid ar Dhomhnach  
na Misean.

## Loinneog don Iontróid – Sm 95:3-4

Insígí a ghlóir i measc na gciníocha; agus a éachtaí i measc na náisiún. Is mór é an Tiarna; is díol molta é; is díol eagla thar na déithe go léir é.

## Gníomh Aithrí

A Thiarna Íosa, tháinig tú chun bealaí an cheartais agus na síochána a thaispeáint dúinn:

A Thiarna, déan trócaire.

A Thiarna Íosa, tháinig tú chun sinn a shlánú agus chun ár bpeacaí a mhaitheamh dúinn: A Chríost, déan trócaire.

A Thiarna Íosa, tháinig tú chun go mbeadh an bheatha againn go fial:

A Thiarna, déan trócaire.

Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bpeacaí dúinn, agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí sinn.

## An Ghlóir ...

### Urnaí

A Dhia, sé do thoil go slánófaí an uile dhuine agus go bhfaighidís eolas ar an bhfírinne. Féach ar an bhfómhar mór atá agat, agus cuir buanaithe isteach ann ionas go bhfógrófar an soiscéal don chruthaíocht uile, agus go mbaileofar do phobal le chéile le briathar na beatha; go mbeidh cumhacht do shacraimintí mar theannta acu, agus go gcéimneoidh siad ar aghaidh i slí an tslánaithe agus na carthanachta. Sin é ár nguí chugat trínar dTiarna Íosa Críost do mhac a mhaireann agus a rialaíonn leatsa, mar aon leis an Spiorad Naomh, ina Dhia, trí shaol na saol.

## LIOTÚIRGE AN BHRIATHAIR

### An Chéad Léacht

Sliocht as leabhar Ísáia fáidh – 53:10-11

Ba thoil leis an Tiarna é a bhascadh le breoiteacht. Má thugann sé a anam in éiric an pheaca, feicfidh sé a shliocht, cuirfidh sé fad lena laethe agus rachaidh toil an Tiarna chun cinn ina lámha. Tar éis saothar a anama, feicfidh sé an solas agus beidh sásamh air. Lena phianta déanfaidh mo dhalta fíréin de na sluaite, á luchtú féin le hualach a gionta

### Briathar an Tiarna.

### Salm le Freagra

[Sm 32: 4-5, 18-20, 22; R/. v 22]

#### Freagra

Tabhair dúinn do bhuanghrá, a Thiarna, de réir an dóchas a chuirimid ionat.

- Is dílis é briathar an Tiarna, agus is iontaofa a obair uile. Is ionúin leis an chóir is an ceart; tá an talamh lán de bhuanghrá an Tiarna. (Fr)
- Féach, tá súile an Tiarna ar lucht a eaglaithe, orthu sin a chuireann a ndóchas ina bhuanghrá, chun go bhfuadódh sé a n-anamacha ón mbás is go gcothódh sé iad in am an ghorta. (Fr)
- Bíonn ár n-anam ag feitheamh leis an Tiarna: is é sin ár gcabhair is ár sciath. Tabhair dúinn do bhuanghrá, a Thiarna, de réir an dochais a chuirimid ionat. (Fr)

## An Dara Léacht

### Sliocht as an litir chuig na hEabhraigh

4:14-16

*Druidimis go teann i leith cathaoir a ghrásta.*

A chairde, ós rud é go bhfuil ardsagart mór againne atá gafa isteach sna flaithis, Íosa Críost Mac Dé, coinnimis greim ar an gcreideamh a admhaímid. An t-ardsagart seo againne, ní duine é nach dtuigeann dár lagair, mar tástáladh é féin i ngach slí ar ár ndálana, ach é a bheith saor ón bpeaca. Dá réir sin, druidimis go teann i leith cathaoir a ghrásta go ndéanfaidh sé trócaire orainn agus go bhfaighimid uaidh an ghrásta a chuideoidh linn lá an ghátair

### Briathar an Tiarna.

### Alleluia [Marcas 10:45]

Alleluia, alleluia!

Óir níor tháinig Mac an Duine chun go mbeifí ag freastal air, ach chun go ndéanfadh sé féin freastal, agus a anam a thabhairt mar cheannach ar mhórán.

Alleluia!

### Soiscéal

Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Marcus - 10:35-45.

*Tháinig Mac an Duine chun a anam a thabhairt mar cheannach ar mhórán.*

San am sin tháinig Séamas agus Eoin, clann Zeibeidé, chuig Íosa á rá leis: ‘A Mháistir, is mian linn go ndéanfá dúinn cibé ní a iarrfaimid ort.’ Dúirt seisean leo: ‘Cad ab áil libh a dhéanfainn daoibh?’ Agus dúirt siadsan leis: ‘Tabhair dúinn go súfimis, duine againn ar do dheis, agus duine againn ar do chlé, i do ghlóir.’ Dúirt Íosa leo: ‘Níl a fhios agaibh cad atá sibh a iarraidh. An bhféadann sibh an cupa a ól atá á ól agamsa, agus sibh do bhur mbaisteadh leis an mbaisteadh lena bhfuilimse do mo bhaisteadh?’ Dúradar leis: ‘Féadaimid.’ Dúirt Íosa leo: ‘An cupa atáim a ól, ólfaidh sibh, agus leis an mbaisteadh lena bhfuilim do mo bhaisteadh, baistfear sibh; ach maidir le suí ar mo dheis nó ar mo chlé, ní agamsa atá sin le tabhairt, ach is dóibh siúd é dá bhfuil sé i ndán.’ Ar a chloisteáil sin don deichniúr thosaíodar ar a bheith míchéatach i dtaobh Shéamais agus Eoin. Agus ghlaigh Íosa chuige iad agus dúirt sé leo: ‘Tá a fhios agaibh go

mbíonn an mhuintir a shamhlaíonn a bheith ag rialú na ngintlithe ag tiarnú orthu, agus a gcuid uaisle ag smachtúchán orthu. Ach ní mar sin atá an scéal eadraibhse, ach an duine ar mian leis a bheith ina uasal eadraibh, beidh sé ina sheirbhíseach daoibh, agus an duine ar mian leis a bheith ina cheann oraibh, beidh sé ina sclábha ag cách. Óir níor tháinig Mac an Duine chun go mbeifí ag freastal air, ach chun go ndéanfadh sé féin freastal, agus a anam a thabhairt mar cheannach ar mhórán.’

### Soiscéal an Tiarna.

### Guí an Phobail

**Ceiliúraí:** Bailíonn grá Chríost le chéile sinn Domhnach na Misean, ionas go bhféadfaimis athnuachán a dhéanamh inár dtiomantas, an Soiscéal a thabhairt chun críche an domhain agus mar sin, guímid chuig ár n-Athair grámhar:

1. Guímis ar son an Phápa Proinsias agus ar son na n-easpag go léir ar domhan, go ndéanfaidís Soiscéal Íosa Críost a chraobhscaoileadh le díograis, le trua agus gan eagla ar bith.  
**A Thiarna, éist linn.**  
**A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.**
2. Guímis ar son misinéirí ar fud an domhain uile, a mhaireann faoi chúinsí deacra; go mbeadh misneach acu i gcónaí ionas go mbeidís mar chomharthaí dóchais dóibh siúd a bhfuil siad ag freastal orthu.  
**A Thiarna, éist linn.**  
**A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.**
3. Guímisar son siúd atá ag fulaingt inniu: A Thiarna Íosa, tá eolas agat faoinár laigí agus ár gcathuithe agus faoin bhfulaingt a bhíonn againn. Neartaigh na daoine atá ag streachailt faoi ualaí troma.  
**A Thiarna, éist linn.**  
**A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.**
4. Guímis ar son siúd atá breoite, uaigneach, aosta agus ar son muintir an mharbhánaigh. Go mbeadh sólás le fáil acu ag aontú le páis an Chríost Aiséirithe, “a thug suas é féin in éiric orthu uile”.  
**A Thiarna, éist linn.**  
**A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.**

5. Guímis beannacht Dé ar ár bpobal bailithe anseo, agus ar Chríostaithe bailithe i ngach áit. Go gcabhróidh ár bpaidreacha, ár bpianta agus an tacaíocht a thugaimid do Dhomhnach na Misean, an domhan a líonadh le grá Dé.

**A Thiarna, éist linn.**

**A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.**

**Ceiliúraí:** A Dhia ghrámhair, chuir tú do Mhac, an fhírinne agus an bheatha, inár measc. Éist lenár gcuid paidreacha, gur féidir linn maireachtáil ar domhan agus aithris a dhéanamh ar an gceartas, an fhírinne agus an trua a léirigh sé dúinn. Déanaimid an guí seo trí Chríost ár dTiarna. Amen

### **Paidir os cionn na n-ofrálacha**

[Aifreann don Eaglais Uilíoch]

Féach, A Thiarna, ar aghaidh do Chríost, a thug é féin in éiric an uile, ionas ó éirí go luí na gréine, go mbeadh d'ainm éachtach i measc na náisiún agus i ngach áit go dtabharfar íobairt amháin faoi bhráid do ríchathaoir. Trí Chríost ár dTiarna.

### **Preafáid Aontacht na Críostaithe**

Go raibh an Tiarna libh.  
Agus le do spiorad féin.  
Tógaigí bhur gcroíthe in airde.  
Tá siad tógtha in airde chun an Tiarna againn.  
Gabhaimis buíochas lenár dTiarna Dia.  
Is ceart agus is cóir sin.

Is ceart agus is cóir dúinn, go deimhin, is cuí agus is tairbheach, buíochas a ghabháil leat de shíor agus i ngach áit, a Thiarna, a Athair naofa, a Dhia uilechumhachtaigh shíoraí: Óir ghráigh tú an domhan le trócaire chomh mór sin gur sheol tú do Mhac chugainn mar Shlánaitheoir, arbh é do thoil go mbeadh sé ar aon dul linne, ach gan smál peaca, ionas gur ghean leat ionainne gach ar ghean leat sa Mhac ar trí easumhlaíocht ár bpeacaí.

Uime sin, a Thiarna, mar aon leis na hAingil agus leis na Naoimh go léir, molaimid thú agus deirimid le mórtas: Is naofa, naofa, naofa thú...

### **Loinneog don Chomaoineach**

Dúirt an Thiarna leo: 'Imígí faoin domhan uile agus fógraigí an soiscéal don chruthaíocht uile'.

### **Iarchomaoineach**

Cothaithe ag na bronntanais slánaithe seo, guímis, A Thiarna, tríd an chabhair seo don slánú síoraí go dtiocfaidh méadú ar an gcreideamh fíor. Trí Chríost ár dTiarna.

### **Urnaí agus Beannacht ar son an Phobail**

Go raibh síocháin Dé, atá os cionn ár dtuisceana, ag gardáil bhur gcroíthe agus bhur smaointe agus ag cur le bhur n-eolas ar Dhia agus ar a Mhac, ár dTiarna, Íosa Críost, agus le bhur ngrá dóibh

Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, + Athair, mac agus Spiorad Naomh. Áiméan.

